

# Éanlaith Fiáine

I mbéal an dorais agam mé óg bhí dhá choill: ceann an taobh s’againne den abhainn agus an ceann eile ar an taobh thall. Níor bheo mise agus gasúir m’aoise gan seáirse a thabhairt ins na coillte sin. Aeraíl na hóige dár saighdeadh an uair úd. Bhíodh cineál draíocht ag baint leis ag teacht na huaire bhreá tráth mbíodh an dúlra ’na dhúiseacht, an lá gafa i bhfad agus gléineacht an tsuaircis le tabhairt chun cruinnis sa ngrian, sa ngealach, sa spéir ó mhaidin go moch go camhaoir an tráthnóna. Na héanlaith a raibh a dtarraingt ar mhong, ar chrann, ar aill, ar thamhnach, ar riasc, ar thom nó ar sceich taobh istigh nó taobh amuigh de na coillte úd, sin iad a mheall sinne lena nglaoch, le torann a gcuid sciathán agus le niamhracht a gcuid ceoil. Chualamar cois teallaigh faoi Úna Bhán “. . . a glór ba binne ná glór an éin ar chraoibh”. Dúradh linn freisin “go n-imthíonn an mheánfach ó dhuine go duine mar a imthíonn an t-éinín ó bhile go bile”. Bheinn ag déanamh éagóra ar an mbonnán buí muna ligfinn do Chathal Buí Mac Giolla Ghunna labhairt air:

"A Bhonnáin Bhuí 'sé mo léan do luí,  
 Is do chnámha sínte tar éis do ghrinn;  
 Is ní easpa bídh ach díobháil dí  
 A d'fhág in do luí tú ar chúil do chinn.  
 Is measa liom féin ná scrios na Traoi  
 Tú bheith 'do luí ar leacaibh lom;  
 'S nach ndearnais díbh' ná dolaidh sa tír  
 S nár bhfearr leat fíon ná uisce poll.  
 Ní hiad na héanlaith atá mé ag éagnaigh  
 An chuach ná an traonach ná an chorr ghlas;  
 Ach an Bonnán Buí a bhí lán do chroí  
 'S gur cosúil liom féin tú i nós is i ndath.

Chuaigh an dán sin i gcionn orm agus mé i gcolaíste, ach i mo ghasúr féin dom thuigeas go raibh sciatháin mhóra thoirtíúla ar éan 'nós an bhonnáin agus go raibh sciatháin freisin ar aingle Dé a d'árdódh mise agus díreabhaí eile de shíol Éabha nuair a thiocfadh an glaoch abhaile orainn go Flaithis Dé. Sciatháin ar aingle an ea? Cheap péintéirí móra na hEaglaise sin ó thúis na Críostáochta anall.

Ach faoin mbonnán féin, éan cúthal é a bhfuil

méid mhór ann, dath buí air. Sa dorchadas is fearr leis a dhul ag fiach sna riascaí agus ar thamhnaigh fhliucha chois coille. É gaolmhar leis an gcorr riasc. Gheobhair ins na giodáin fhliucha chéanna iad chois abhann, shrutháin nó ar imeall coille sa bhfraoch nó ins na grasáin a mbíonn tomacha iontu. Cuir cluais ort féin ins na rútaí seo agus, i ngan fhios duit féin ag guardal thart duit, cloisfir “cú-cú” slóchtmhar na cuaiche ag déanamh di ar nead éicint nach léi féin, le ubh a bhreith inti mar nach ndéanann sí féin nead ar bith. Is iondúil go mbíonn an riabhóg mhóna, an gocamán más maith leat, nó éan na cuaiche, ’na cuideachta. Forrá i gcónaí ar an gcuach, ní ghníonn sí nead ná ní thógann sí gearraigh. Chím uaim anois í. Shíféa gurbh é an seabhac ar a heiteal í, clúmh bán fúithi, eireaball fada, cosa agus súilí gealbhuí. Ligeadh sí glao agus sin an samhradh ar fáil, nó siúd ar an turas don Afraic í. Bhí gean ariamh ag na Gaeil uirthi:

Tá cuaichín i nGleann Néifinn  
Nár fhéad mé ariamh a mhealladh,  
A stóirín, tóg ón bpian mé,  
'Sé do mhéin mhaith tá do mo lagadh.

Anois beag thagair mé don tseabhadh. Bhí an choill údán suas uaimse, lá dá raibh, foircthe leis. Go síoraí ar an airdeall ar ghéag, ar thollán, ar chreagán, sa spéir féin dó, bhí an dúil fola sin a bhí ann dá splancadh, dá ghriogadh agus dá shaghdadh de ló agus d’oíche. An t-uan a rugadh anois beag nó an mionnán nó éinín go húr as an mblaosc, rud lag éidreorach ar bith, siúd ’na mhullach é ag baint súile as. Ná ní col leis corp a strachailt ó chéile lena mhéadail a líonadh. Ní den uaisleacht éan creiche ar bith, an charóg dhubh, an fheannóg san earnáil chéanna, mar ’sé a mbuac a ngoile a shású agus fosaíocht a dhéanamh ar sin. Éisealacht — níor rugadh leo é ach bradaíl agus amplacht. I mo óige dom chuirfinn spéis ar leith sa gcor a bhíodh i sciathán na n-éan sin, an casadh tobann a ghníodh an muineál agus an ghrág gharbh a thagadh uathu. Cuirfead an fiach dubh go hard i measc na n-éan foghla. Tá toirt annsan agus doicheall dá réir. Caróg mhór bhruidiúil é an gob slíoctha agus

culaith mhaiseach, dhubh air. Is minic a chonaic mé uaim é sa spéir siar ón gcoill agus bheinn faoi dhraíocht aige sa léim, sa gcasadh tobann agus san ionfairt a ghníodh sé lena cholainn. Náire níl ann agus ní raibh col ariamh air an conablach chois an bhealaigh a strachailt agus a shlogadh. Ní mé ar thuill na sagairt caint Eoghain Rua Ó Súilleabháin:

“Nuair a thiocfaidh an míol mór ar an Maing,  
Nuair a thiocfaidh an Fhrainc go Sliabh Mis,  
Nuair a chaillfidh na sagairt an tsaint  
Is a ea thiocfas an chaint don bhfiach dubh.”

Ag gabháil thar Phríomhoifig an Phoist i mBaile Átha Cliath duit leag súil ar íomhá Chú Chulainn atá snoite go healaíonta. Tá an fiach dubh 'na lámha aige. Siar leat anois sa stair agus sa mbéaloideas agus inseofar duit gurbh é an fiach dubh ar ghualainnan laoiach mhóir sin a mheabhraigh dá chairde go raibh sé ar lár. Bhí an seanfhocal ann: “Brochán ó aréir é, mairg nár théigh é, ní thabharfadh an fiach dubh dá éan é . . .”, dúradh sin faoi ghreim gan blas gan solamar. Beathaíonn an fiach dubh a chuid gearcach i gcead dá léirfidh é seo, leis an lón a bhíonn i dtaisce 'na ghoile aige. Má bhí éin creiche ar fhód an bhaile agam nach furasta dom a shamhlú go raibh an iolar ann freisin san am a raibh coillte agus doirí go fairsing i gConamara: Cloch an Iolra, Loch an Iolra, nílid ann gan údar.

Cineál éan eile, bhíodarsan thart freisin: éin an cheoil a raibh aoibhneas orthu an binneas a bhain leo a dháil ortsa agus ar an dúlra fré chéile. I mo ghasúr dom thagadh iontas agus mearbhall orm nuair a d'fheicinn an fhuiseog ag teannadh uaim ar an turas os cionn na néalta ag portaíl ar a mine ghéir. An dath dubh úd a bhí uirthi — nó donn dob áil liom a rá — níor chuireas spéis a thuilleadh ann — cén chaoi a gcuirfinn! — an phortaíl agus an phíobaireacht ag déanamh orm anuas ó arda na spéire. Teachtaireacht dhiamharach sa gceol aoibhinn sin dá dtiocfadh liom mé féin a fhuascailt ón ngeasa a rabhas faoi aige. Foighid ort:

“An áit úd ’nár bh aoibhinn binn ghuth éan  
Mar shámh-chruit chaoín ag caoineadh Gael,  
’Sé mo chás a bheith míle míle i gcéin  
Ó bhánchnoic Éireann óighe”.

Ach foighid ort: siúd anuas arís í ar an tulán úd thiar, í sioncáithe, sáraithe de bharr a turais ach tá

cosúlacht na caithréime sa gcratheadh sciathán a ghníonn sí. A chónach sin uirthi!

Ó labhair mé ar cheol cá bhfágfainn an smólach. Tchírfir uait sa ngairdín é nó sa móinéar nó thuas sa gcoill, a chluas le talamh aige ag súil go gcloise sé corrú na péiste nó an sprid neanta; sin nó siúd thall ar an leic é ag briseadh sliogán agus ag baint bia astu. Beadaí go maith, abair! É gléasta go faisiúnta. Cóta clúimh leathdhonn air ó ghob go eireaball siar, preabáin dhubha ar a bholg síos. Bhí cion ariamh ar an smólach agus ar a chuid ceoil. Mhol na filí é agus iad ag caint ar a gcéadsearc agus rún a gcléibh. Ní raibh oilbhéas ná fuath ag rith leis, uasal 'na bhealach agus 'na iompar. Cuir an lón dubh agus an chéirseach 'na chomhluadar agus tá sméar mhullaigh na mbarrcheoltóirí éan a bhí thart i Seanamhóinín agat.

An glaisneach bhíodh sé thart orainn freisin. É guagach, scéiniúil. Soláthraí díocasach, ar thamhnach agus ar mhóinéar é, ar shliabh, i gcoill nó chois abhainn. Éan luaineach atá ann a dtéann a shúil thar a chuid. É oilbhéasach le linn séasúr an ghoir. An nádúr, abair, agus ní locht é sin.

An corr riasc, fireann nó boineann dó, tá saint agus amplacht foirthe ann. Gníonn sé sléacht ar iasc agus ar eangach. Buachaill báire bradach! Na bealaí céanna leis féin agus leis an gcailleach dhubh. Bhídís suas agus anuas ón Spidéal go Carra na gCaorach agus níos faide amach. Éanlaith dhásachtacha, thoirtiúla bhruidiúla iadsan?

Inseoidh gasúr ar bith dhuith a tógadh ar an mbaile s'againne cén sórt éan é an crotach. Cosa fada faoi. É dubh-dhonn cé is moite den ngob atá air atá bán-bhuí. An cloigeann amhlaidh freisin. Maireann sé ar chuilleoga, ar luchain, ar luascáin lathaí agus ar fheithidí beaga. Is maith ann é go minic. An ruathar sin a ghníos sé ag soláthar dó do na gearraigh sa nead sin fainic ort gan teacht 'na ghaobhar. Níl sé ar a shocúl leis an duine. Údar aige, b'fhéidir, agus ná tóg sin air.

Bhí seanfhocal thiar againn “nach n-éiríonn leis an ngobadán an dá thrá a fhreastal”. Tá a lán gobadán agus a chineál agus a ghaolta thart ar an gcoill. Éan luaineach a dtéann a shúil thar a chuid é. Is beag leis a bhfuil faoina ghob. An tsaint dá choipeadh agus an amplacht dá splancadh le dhul ag bradaíl ar lár eile a mbeidh brabach níos fearr ann. Faraor, tá an duine amhlaidh freisin nuair a

fhaigheann dúil sa mhaoín shaolta gréim air. Breathnaigh ar shúil an ghubadáin. Tá a ghob agus a eireaball síos agus aníos mar bheadh maide corrach cáimín ann.

Shílfeá gur ag umhlú duit a bhíonn an fháinleog sa gcamhaoir agus le teacht an dorchadais is mó a thagann beochan ann. É go sioraí ar a mhíne ghéire. Ní fhéadfainn é a dhearmadú go deo. Is minic ar a sheáirse dó a rinne sé orm le crónachan an lae agus thob dó an tsúil a bhaint asam — nó sin a cheapas. Na sciatháin leathana scartha amach air. Sin mar a d'fheil a eiteal dó. Forrú, abair. Ní áibhéil é sin! Tógann sé an t-ál sa scioból nó ins na tomacha tiubha. Amach sa bhFómhar buaileann fíbín é agus cruinníonn sé féin agus a chéile agus a chineál i gcóir na himirce i bhfad i gcéin. Bí ag caint ar bhainis Mheiriceá! Ní hiontas liom gur scríobh an Píarsach fúthu. Tá dílseacht go feirc iontu.

Tá na tamhnaí, na móinéir, na creagáin, na cuisleanna — a bhfuil thart i mbarr an bhaile — ag preabadh le ceol agus le ceiliúr éan. Urlabhra diamharach atá anseo a chuireann ar do mharana tú, óg nó aosta duit. Na glasóga — agus tá suas le seacht ngné den chineál sin éan ann — déanann siad teanntás ar dhuine agus ar ainmhí. Iad cunórach, glórach. Gabh 'na ngoire agus déarfur gur ag magadh fút atá siad. I ngar d'uisce a bhíonn cónaí orthu. Sin é is dúchas dóibh.

Ní mhaithfí dom muna labharfainn ar 'Rí na nÉan' — an dreoilín atá i gceist agam. Nead aige sa mbun tsop — tráth raibh sin ann — nó sa dtom aitinn i ngar don scioból. Seasann an eireaball go díreach ar a cholainn bhig. Ní bheadh sé de dhánaíocht ionat an t-éinín beag seo a mhaslú. Rí beag cumasach é a dtéann an grá Dé atá greamaithe dó i gcionn orainn uilig Lá Fhéil' Stiofáin.

An spideog a bhíodh i mbéal an dorais againn is beag éan eile a rinne an oiread sin teanntáis orainn leis. Bí i do chara aige, nó ná bí, leanfaidh sé air ag cabaireacht. Ná déan an iomarca brú air mar tá sé guagach agus a bhealach féin leis. Dá ndéarfainn 'Dia dhuit' leis sílim go gcromfadh sé a cheann le hómós dom.

Bhíodh na meantáin thart ar gach uile thaobh díom is cumacén taobh a dtabharfainn m'aghaidh. Ní cineál amháin díobh atá ann ach sé nó seacht. Ní mórán airde atá iontu ach iad chomh haclaí le

creabhar, go háirid ag ithe a mbéile nuair gur mar a chéile dóibh ar a mbéal futhu dóibh nó a mhalairt. Agus an cloigeann sin atá orthu tá slacht ar leith ann, é gléasta cóirithe mar is cóir. An múinteoir a bhí agam fadó sa Spidéal, go ndéana Dia maith air, thugadh sé "cloigeann meantáin" ar ghasúr nach raibh bua na foghlamtha ann. Ní mé faoi sin? An méid meantáin a chonaic mise bhíodar breabhsach airdeallach.

Mura labhróinn ar an naosc thioctadh taibhse an Ath. Séamus Ó Ceallaigh rómham agus na laethe a chaith mé 'na chuideachta ag foghlacaireacht dó. Éan scafánta, meabhrach an naosc, casadh agus céad san eiteal a bhíonn faoi. Nach é an trua créatúr mar é a mharú le gunna ach sé buac an fhoghlaera sin a dhéanamh. Uair ar bith dá smaoiním ar an naosc tagann an creabhar i mo cheann chomh maith. Éan teann, láidir, téagarach é seo. Gob mór fada air. Dá bhfeicfeá ag déanamh an bhealaigh idir na crainn é tráth scanraítear é. Is maith leis a dhul i bhfolach sa bhfraoch nó sa gcíb. Chonaic mé nead leis sa gcaonach ó thuaidh de bhallaí Sheáin Chuláin. Crochann sé féin agus a chéile na gearraigh leo 'na gcrúba ar uair an ghéibhinn. Tchím uaim na sciatháin dhonna agus an stríoca liath-bhán tríothu. Ní beo an foghlaera gan béile a dhéanamh de. Leag ar bord é agus beidh do oineach molta go héag.

Chonaic chuile dhuine an lacha fhiáin. Thuas ar na líonta a bhíodh sí agus amach uainn ar na locha. Cailín crua fáiscithe í i ngach ní dá ngníonn sí. Fothramán as a cuid sciathán agus í ag eitilt. Thógfadh sé do chroí do shúile a leagan ar scuaine díobh ag déanamh amach ar na locha. Treoraí rompu amach, an chuid eile dá leanacht mar bheadh rinn saighde ann. Chuirfeadh siad na géanna fiáine i gcuimhne dhuit. Ar an gcúlraíd i bhfad ón ngunna agus ó shúil creiche ar bith is fearr leo. Cloisfí cabaireacht agus siosca ansin ag snámh dóibh ar uisce nó ag ligean scítthe ar oileán. Rinneas tagairt don eala; tá fhios ag an saol cláir fúithi sin agus ní éan coimhthíoch í in áit ar bith.

Go dtéidh mé i gcuimhneod ar an liabóg leathair. Bhain sé scanra go minic asam ag teacht aníos Dhroim an Bháire dom le titim na hoíche. Leis an gcrónachan ab fhearr leis a dhul ar seilg. Nead aige i gcró nó i bhfothrach eicint. An scréach a ligeadh sé théadh sé go hanam ionam mar bheadh

sé sa mbéal ort sula bhfeicfeá é. Is mór a d'inseodh na seandaoine faoi. Níl agamsa ach cuimhne seanlinbh agus thioctadh dó sin a dhul in aimhréidh ar amannaí. Cheapamar go raibh gaol nó coléicint idir an liabóg leathair agus an mulchán. Na bealaí céanna leo. Dá mbeadh ort a dhul amach go moch ar maidin leagfá súil ar an mhulchán ar bhalla nó ar sheanchlochar agus luch ina chrúib aige. Níl a shárú ann ar seilg luch. Nach iontach mar atá an nádúr in ann freastal ar a bhfuil cruthaithe. Má castar an t-éan seo a bhfuil cluasa bioracha air leat ná gabh amach i ndiaidh do mhullaigh ón scréach áiféiseach a chuaigh tríot go hanam. Níl mé cinnte an faoi féin nó faoin liabóg leathair a cumadh na focla seo:

"Mise máirtíneach na hola,  
Leath luiche agus leath éin,  
Marbhócha mise gasúir  
Nó marbhócha gasúir mé".

D'fheicfinn éan beag thiar ar na portaigh. Ar sheanphortach, a bhí tréigthe le fada ag fear an

tsleáin, a ghníodh sé féin agus a chéile nead ann. An gabhlán gainimh a tugadh air. Gaol aige, a dúradh liom, leis an ngabhlán binne nach gcorraíonn ó bheanna na dteach ná na stábla. Neadaíonn sé ins na háiteacha sin agus ní chuireann sé isteach ar aon rud beo ach ar chuileoga agus damháin alla. Tá saol na n-éan lán de chuile chineál gealbhán. Is den treibh sin an dá éan atá luaite anois agam. Agus na glasóga beaga a bhíodh ag damhsa agus ag léimneach ar na móinéir agus ar na criathraigh suas uaim ar imeall abhann agus ar lár na coille. Bhíodh sean agus óg againn bodhraithe acu le méid a gcuid siosctha agus cabaireachta. Na píobáin go sioraí ar a dtáirm, "Sioc, Sioc" le gach uile chor den sciathán. Níor bheo iad gan comhlúadar. Níor chualas ariamh go raibh dochar iontu. Má chuireann a gcuid bladair biorán ort cuimhnigh gur beag cineál éan eile is flúirsí ar fud na hÉireann ná iad. An gabha dubh ceann acu agus chuirfeadh a chuid clis ar uisce nó ar bhruach alltacht ort. Snámhann sé faoi uisce má

## An leabhar is fearr amuigh ar bhainisteoireacht airgid.

Tá leabhar iontach le fáil thíos san oifig logánta de Bhanc na hÉireann. Cabhróidh sé leat chun do ghnóthai airgeadais a riaradh níos éifeachtaí agus chun do chuid airgid a láimhseáil níos tairbhí, chun réamhpleanáil a dhéanamh agus chun cuntas a choimeád ar chaiteachas. Beidh sé do bhuntáiste agat airgead a bheith agat i gcónaí agus ag an am chéanna gan bheith ag dul i bhfiontar airgead a iompar timpeall leat.

Ainm an leabhair?

Seicleabhar de chuid Banc na hÉireann.



**Banc na hÉireann**  
An banc le do linn



50 bliain ina shagart — Bronnadh an Chumann Forbartha ar an Athair Mícheál Mac Aoidh.



Buachaillí an Chnoic agus an Spidéil a chuaigh faoi láimh an Ard Easpaig Breathnach le linn a bhliain deireannach ina Easpag.

tá bia thíos faoi. Níl leisce ar bith air agus é ar lorg a choda. Na héin bheaga sin tá draíocht dá gcuid féin ag rith leo. An caislín cloch mar shampla. Éan beag gleoite órbhuí ar mhaith leis seasamh ar ghéagán toim agus port a chasadh duit. Gabh thar chlaí agus leanfaidh sé thú nó siúl leat sa bhfraoch agus beidh sé 'do dhiaidh. Ní bheir aonraic 'na chomhlúadar; ceol agus "tic-tic" ag rince i do chloigeann.

Filleann gach ní beo ar a dhúchas. Má fheiceann tú an lasaí choille ag gabháil an tslí, é ioldhaite ó ghob go barr, a eireaball (geal, dearg, donn, dubh, buí — sin iad na dathanna) déarfair leat féin ansin nach mbeadh aon lámh taobh amuigh de lámh an Chruthaitheora i ríocht an tseoid seo a mhúnlú agus a chur ar fáil. B'fhiú duit a bheith ag breathnú air ag piocadh síl as planda feochadáin nó as fás allta eile an ghairfin. Is maith a theánn a bhéile dó. An roinn fhiáin chois abhann, srutha nó coille, sin é áit chónaí na n-éan uilig bunáite a chonaic mise i mo ghasúr dom. An gleoiseach shléibhe d'fheicinn é ag forrú leis do sciortán i ndiaidh na mbaoití agus an greim a bhailíodh sé crochta leis aige. An fhuiseog agus an ghealóg shneachta dá thionlacan go minic, éiníní beaga a raibh an áilleacht ag roinnt leo, fonn grinn orthu leat agus súgradh, dá dtuigfeá i gceart é.

Níl luaite agam san aiste seo ach a n-beagán de na héanlaith ar lean cuimhne orthu mé aniar na blianta. Faraor chráite níl sa liosta éan a ndearnas cur síos gonta orthu anseo, ach cuid Pháidín den mheacan dá bhfuil ann. Tá daoine comhaois liomsa, a bhfuil meabhair, grinneas agus cuimhne acu, a d'fhéadfadh tuilleadh eolais a scaladh ar éanacha eile an bhaile úd thuas chois coille. Ní raibh ionamsa ach seanghasúr nuair a d'fhágas an áit. Ní dhearnas aon tagairt don gcág, don bpréachán, don tsnagbreac.

Ní chóir dom an patraisc a dhearmadú. Éan cúthail, scáfar. 'Sé a bhfuil uaidh a dhul i bhfolach ort. Údar aige, b'fhéidir, mar go mbíonn an foghlaeir go síoraí ar a thóir. Go moch ar maidin is fearr a éireodh leat é a fheiceáil. Ní fhéadfá gan suntas a thabhairt don dath glas atá air ó bharr a choiricín siar agus é dearg-dhonn faoi. É blasta ar bord. Is minic a chonaiceas an chearc fhraoigh 'na chuideachta nó fad méaróige uaidh. Na tamhnaí sléibhe is fearr léithi. Glór aici a mheallfadh tú. Í

glic sa dallamullóg a chuireann sí ar an duine. Ná tóg sin uirthi.

Críochnód leis an traonach. Cá bhfuil an té thiar agus thuas ansiúd nár chuala an ghráig gharbh atá aige. Is iomaí sin duine a chaill codladh i ngeall air. Chuir an file mar seo é

"A thraona, do mhill mo shuan  
Led ghleo buan gan sos aréir,  
Agat dá mbeadh sians is ceol  
Níorbh fhearr led' mheon do ghlór féin.  
Bhréagais tráth do leannán leat  
Dod "chrec-chrec" deas thug sí grá.  
Dul led dhúchas duit is dual —  
Maithim duit mo shuan ar lár.

Cineál aislinge fillleadh ar laethe a óige don duine nuair a bhíonn an aois ag teannadh leis. 'Sé a fhearacht sin agamsa é sa méid atá ar phár anseo agam. Níl sé ann an té nach bhfillleann ar a dhúchas. Ná ní turas in aisce a ghnímíd ag dul siar. Téann an chuimhne ag obair agus siúd an lá inné ar ais. Oideachas do ghasúr a bhfeiceann sé, a gcluineann sé, agus na fóid a shiúlann sé orthu agus aipíonn chuile ghné díobh sin ann leis an aimsir. Ní thugaimíd leath a dhóthain moladh don tsúil ná don amharc.

Séamas Dall Mac Cuarta a scríobh na focla seo. Fág faoin dall é:

"Fáilte don éan is binne ar chraobh,  
Labhras ar chaoín na dtor le gréin,  
Damh-sa is fada tuirse an tsaol  
Nach bhfeiceann í le teacht an fhéir.

Cluinim cé nach bhfeicim a gné  
Seinnim an éin darb ainm an chuach,  
Amharc uirthi i mbarr na ngéag  
Mo thuirse ghéar nach mise a fuair.

Gach neach dá bhfeiceann cruth an éin,  
Amharc Éireann theas agus thuaidh,  
Bláth na dtulcha ar gach taoibh,  
Is dóibh is aoibhinn bheith dá lua.

Mo thuirse nach bhfuairas buaidh ar m'amharc d'fháil,  
Go bhfeicinn ar uaigneas uaisle an duilliúr ag fás,  
Cuid de mo ghruaim — ní ghluaisim chun cruinnithe le cách  
Ag amharc na gcuach ar bhruach na coille go sámh.

Tá na héanlaith ar a socúl i dtólamh. Níl oilbhéas ná gangaid, ag suathadh an aoibhnis, ná ag lúbadh an tsonais astu. Is beag a ndóthain. An saol daonna thart orthu dá threascairt féin le amplacht a mbíonn díbheirg agus fuath ag seadú agus ag deargadh ann. Níl de thoradh ar sin ach rabharta dúr an chantail agus duifean léanmhar croí. Scaoil amach mo inchinn bhuartha go bhfaighidh sí fuarú agus suaimehneas i measc ceol na n-éan ar



## Comhar Creidmheasa

**Comhar Creidmheasa** is ea grúpa daoine a shábháileann airgead le chéile ionas gur féidir iasachtaí airgid a thabhairt i gcóir riachtanaisí torthúla ar rátaí úis réasúnach.

Is ar bhunphrionsabail na féin-chabhrach atá gluaiseacht na gComhar Creidmheasa bunaithe agus is é atá i gceist go príomhda ná:

- (i) Cothú coigiltis i measc daoine;
- (ii) Cruthú creidmheasa dhá chéile;
- (iii) Cothú leas an phobail.

Tá gluaiseacht an Chomhar Chreidmheasa ar bun san tír seo ó 1958, nuair a tosaíodh le ballraíocht de 200 duine agus scairshealbhaíocht de £415. Sa lá atá inniu ann tá 699,000 duine agus scairshealbhaíocht de £329 milliún i 477 craobh ar fud na hÉireann.

Sa bhFómhar seo caite bunaíodh grúpa staidéir atá ionadaíoch don cheantar ón Spidéal go Ros a' Mhíl le foghlaim faoin ngluaiseacht agus breathnú isteach 'sna féidearthachtaí maidir le bunú craoibhe sa gceantar. Tá ós cionn scór duine ar an ngrúpa seo a thagann le chéile i Scoil Náisiúnta Shailearna an Chnoic gach seachtain ó shoin i leith.

Tá ag éirí go maith leis an ngrúpa ó thaobh foghlaim na ndindiúirí ar fad atá ag baint le reachtáil Comhar Creidmheasa. Táthar ag súil le

chiumhais na coille craobhaí nó ar bhrúach an easa. Cuirfidh ceiliúr ón bhfúiseog ag ardú ins na spéartha di na Flaithis i gcúimhne dom agus beidh an t-aoibhneas siorraí agus síocháin Mhic Dé ag lonnú i m'anam agus dá choigilt san áras niamhrach úd thuas atá buanmharthanach.

An tAthair Máirtín Ó Loideáin O.C.D.

craobh nua a bheith cláraithe go hoifigiúil go luath ach ar ndóigh braitheann sé seo go hiomlán ar thacaíocht agus comhoibriú an phobail go léir. De réir a chéile beidh an chraobh nua ag tosnú ag bailiú airgid isteach chun ciste a bheith ann le iarrataisí ar iasachtaí a shásamh amach anseo.

Beidh an chraobh nua seo daonlathach go huile agus go hiomlán agus faoi stiúir na mbaill. Beidh furmhór na hoibre ar bhonn deonach agus is ar an gcaoi seo gur féidir na rátaí úis ar iasachtaí a choinneáil go réasúnta íseal.

Is féidir leat iarratas a dheánamh ar bhallraíocht sa gComhar Chreidmheasa má tá tú os cionn 16 bliana d'aois. Cosnaíonn lán-bhallraíocht £1 agus ní mór duit scair a cheannacht sa gComhar Creidmheasa ar £1 eile.

Ar ndóigh bheadh súil freisin go mbeadh gach ball gníomhach ar bhealaí eile agus cuid de na bealaí is fearr le é sin a dhéanamh ná, tré airgead a choigilt go rialta, agus páirt a ghlacadh in imeachtaí na craoibhe.

Faoi an am seo arís tá súil againn go mbeidh an Comhar Creidmheasa áitiúil i mbarr a réime agus ag tógáil an tseanfhocail, "Níl neart gan cur le chéile" mar cheacht, éireoidh go maith linn.

## Club Óige Lurgan

**Príomh-imeachtaí 1985/86:**

- Craobh Leadóg Bhoird an Chomhchoiste.
- Forbairt an Údaráis — dara háit.
- Scoraíocht — Craobh Chonamara.
- Scoraíocht san Oireachtas — Craobh na hÉireann
- Cur amach páipéar míosúil.
- Glanadh na Reilige.
- Eagrú Lá Spóirt don Scoil Náisiúnta.
- Tionól Ógras i mBaile Átha Cliath.
- Suirbhé ar staid na Gaeilge sa pharóiste.
- Páirteach ar chlár raidió *Poparama*.
- Páirteach ar dhá chlár ar Raidió na Gaeltachta.
- Leathchraobh Dhíospóireachtaí an Oireachtais '86.
- Suirbhé faoi chláracha Gaeilge ar an teilifís.
- Bailiú ainmneacha na ngarrantaí.
- Craobh Phúl Chonamara.
- Tráth na gCeist Raidió na Gaeltachta.
- Cabhrú leis an Díolachán Earraí.
- Trí phríomhdhuais i gComórtas chumtha amhrán an Údaráis.

Is féidir le muintir an pharóiste seo bheith fíormhórtasach as an slua breá daoine óga atá páirteach i gClub Óige Lurgan. Aon duine a thiocfadh isteach sa chlub Aoine ar bith, d'fheicfidís an bealach éifeachtach ina n-eagraíonn na daoine óga féin, baill an choiste agus eile, na cluichí éagsúla ag tús na hoíche, na córais a oibríonn siad i gcaoi is go mbeidh cothrom na Féinne le fáil ag gach ball, óg is aosta, sna himeachtaí éagsúla agus an bealach ina gcuidíonn chuile dhuine nuair atá na boird agus an trealamh le stóráil agus an halla le glanadh ag deireadh na hoíche.

Coinníonn ball den choiste rolla gach oíche agus bailítear 20p ó gach ball. Tugann an t-airgead seo deis don choiste íoc as an ghnáth-chaitheas reachtála.

Tharla an coiste bheith luaite is cóir a rá go raibh coiste sár-mhaith ag an gclub arís sa mbliain 1985/86 agus gur oibrigh siad go dian agus go héifeachtach. D'éirigh leo go leor duaiseanna a bhaint amach chomh maith. Ní hé go bhfuiltear ag tabhairt le tuiscint go bhfuil sé an-riachtanach bheith ag gnóthachtáil i gcónaí ach go bhfuil sé an-

tábhachtach bheith páirteach; is cuid d'fhorbairt an duine óige bheith páirteach i gcluichí, i scoraíochtaí, i ndíospóireachtaí, i bpleanáil, i scríbhneoireacht agus níl aon amhras ach go dtugann comórtas an-spreagadh chun iarracht bhreise a dhéanamh. Ach, le fírinne, nach maith linn uilig gnóthachtáil agus cén dochar an fhad is go bhfuilimid sásta glacadh le breith an mholtóra, fiú nuair a théann sé inár gcoinne.

Nach deas bheith in ann a thuairisciú go bhfuair an club an chéad áit in Oireachtas 1986 lena scoraíocht "Seanchas na Sceithe".

Bhí an moltóir an-tógtha leis, go háirithe le haisteoireacht, ceoltóireacht, fonnadóireacht agus le héifeacht na foirne. Ba bheag gné den taispeántas a luaigh sé gan focail mar "ar fheabhas" agus "thar barr" a cheangal ledis. Is iad a bhí páirteach sa scoraíocht: Brian Ó Donnchadha mar Raifterí an File, Gormla Ní Thuairisc mar an Sceach, Dara Ó Baoill mar Oisín, Seán Ó Coistealbha mar Phádraig Naofa, Gearóidí Ní Chonghaile mar aithriseoir, Cóilín Ó Scolaí mar ghuth Raifterí, Rónán Ó hEidhin mar Phádraig Mac Piarais, Mairéad Ní Thuathail agus Christine Ní Chonchubhair ag damhsa, Mícheál Ó Fátharta mar cheoltóir, Conal Ó Murchú mar fhear grinn agus Aoife agus Ríonach Ní Scolaí, Caroline Ní Thuairisc agus Pádraigín Ní Phuirséil mar chantóirí.

Ach tá an Club Óige ann do chuile dhuine óg agus déantar gach iarracht deiseanna forbartha agus foghlama a chur ar fáil do chuile dhuine a bhfuil suim aige nó aici ann, bíodh siad páirteach i gcomórtais nó ná bíodh. Tá deis peil faoi dhíon a imirt; tá dhá bhord púl againn, ceithre bhord leadóige, *swing-ball*, peil bhoird, ficheall, táipéis, agus ar ndóigh cócaireacht, ár siopa agus ealaín.

Roghnaíonn na baill coiste chuile bhliain agus is iadsan a riarann an club. Is iad seo a bhí ar an gcoiste don bhliain 85/86: Cathaoirleach: Dara Ó Baoill, Rúnaí: Seán Ó Coistealbha, Cisteoir: Maria Ní Fhátharta, agus Aoife Ní Scolaí, Christine Ní Chonchubhair, Caitlín Ní Chualáin,